Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**8797/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0120(NLE)**

**ICAO 15**
**AVIATION 127**
**RELEX 446**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meitheamh 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 247 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le hIarscríbhinní 1 agus 6 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a bhaineann le paindéim COVID-19 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 247 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 247 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.6.2020
COM(2020) 247 final

2020/0120 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le hIarscríbhinní 1 agus 6 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a bhaineann le paindéim COVID-19

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Is é is ábhar don togra seo an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) mar fhreagra ar Litir Stáit AN 11/55-20/50 a eisíodh an 3 Aibreán 2020 maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí sealadacha i ndáil le hIarscríbhinní 1 agus 6 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a bhaineann le paindéim COVID-19.

### 1.1. An Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta

Is é is aidhm don Choinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ("Coinbhinsiún Chicago") rialú a dhéanamh ar an aeriompar idirnáisiúnta. An 4 Aibreán 1947 a tháinig Coinbhinsiún Chicago i bhfeidhm, agus is leis a bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta.

Tá na Ballstáit go léir ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chicago.

### 1.2. An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta. Is iad aidhmeanna agus cuspóirí na hEagraíochta prionsabail agus teicnící na haerloingseoireachta idirnáisiúnta a fhorbairt, agus pleanáil agus forbairt an aeriompair idirnáisiúnta a chothú.

Is comhlacht buan de chuid ICAO í Comhairle ICAO, comhlacht a bhfuil 36 stát chonarthacha ina gcomhaltaí ann, agus is é Comhthionól ICAO a thoghann na Stáit chonarthacha sin ar feadh tréimhse trí bliana. Tá ionadaithe ó sheacht mBallstát de chuid an Aontais ar Chomhairle ICAO le haghaidh na tréimhse 2019-2022.

I measc na bhfeidhmeanna éigeantacha atá ar Chomhairle ICAO, feidhmeanna a liostaítear in Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, tá glacadh na gcaighdeán idirnáisiúnta agus na gcleachtas molta (SARPanna), dhá rud a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

Tar éis ghlacadh na mbeart seo nó a leithéid eile, ní mór do Stáit ICAO fógra míshástachta a thabhairt, sin nó fógra faoi aon difríocht dá mbeidh ann, nó fógra maidir leis an gcomhlíonadh a dhéanfaidh siad ar na bearta sula dtagann siad i bhfeidhm agus sula mbíonn siad ceangailteach ó thaobh dlí de.

De bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, más dofheidhmithe d'aon Stát a leithéid de chaighdeán nó de nós imeachta idirnáisiúnta a chomhlíonadh ar gach bealach, sin nó más dofheidhmithe dó a rialacháin nó a chleachtais féin a chur ar comhréir iomlán lena leithéid de chaighdeán nó de nósanna imeachta idirnáisiúnta, nó má mheasann sé é a bheith riachtanach rialacháin nó cleachtais a ghlacadh atá éagsúil ar dhóigh ar bith leis na rialacháin nó na cleachtais arna mbunú le caighdeán idirnáisiúnta, tabharfaidh an Stát sin fógra láithreach don Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta faoi na difríochtaí idir a chleachtas féin agus an cleachtas arna bhunú leis an gcaighdeán idirnáisiúnta.

### 1.3. An gníomh atá beartaithe ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta

D'eisigh ICAO litir Stáit AN 11/55-20/50 mar fhreagra ar phaindéim COVID-19, agus go háirithe chun faisnéis chomhleanúnach a fháil ó na Stáit maidir leis na gníomhaíochtaí a glacadh ionas go mbeidh soláthraithe seirbhísí agus pearsanra in ann bailíocht a ndeimhnithe, a gceadúnas agus a gceaduithe eile a choinneáil le linn phaindéim COVID-19 ("fógra faoi dhifríochtaí sealadacha a bhaineann le COVID-19")

D'áitigh ICAO ar na Stáit é a chur ar an eolas, de bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, faoi aon difríochtaí sealadacha a thiocfadh chun cinn de thoradh na mbeart sealadach a dhéanann na Stáit aonair maidir le COVID-19, go háirithe na difríochtaí sin a bhaineann le ceadúnú agus deimhniúchán in Iarscríbhinní 1 agus 6. Chomh maith leis sin, ba cheart do na Stáit a chur in iúl, i dtéarmaí ginearálta, an aithneoidh siad bailíocht na ndeimhnithe agus na gceadúnas, nó an nglacfaidh siad lena mbailíocht, i gcás na ndeimhnithe agus na gceadúnas sin a bhfuil tionchar orthu ag na difríochtaí sealadacha a bhaineann le COVID-19 atá curtha i bhfeidhm ag Stáit eile.

Chun cuidiú leis na Stáit agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile, sheol ICAO suíomh gréasáin poiblí ar Bhearta Sábháilteachta Oibríochtúla i leith COVID-19. Moltar do gach Stát úsáid a bhaint as an suíomh gréasáin sin agus ICAO a chur ar an eolas maidir leis na forbairtí is déanaí ina Stát féin.

Admhaíonn ICAO go bhfuil gá leis an tsolúbthacht is mó a chur ar fáil agus lena áirithiú san am céanna go bhfuil Coinbhinsiún Chicago á chomhlíonadh. I ndáil leis sin, meabhraítear do Stáit na hoibleagáidí atá orthu faoi Airteagal 38 den Choinbhinsiún maidir le fógra a thabhairt d'ICAO faoi aon difríochtaí a thiocfadh chun cinn.

Le gur fusa fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí sealadacha, agus faisnéis fúthu a scaipeadh, le linn na tréimhse seo, chruthaigh Rúnaíocht ICAO fochóras na nDifríochtaí Teagmhasacha a bhaineann le COVID-19 (CCRD), fochóras atá le fáil tríd an deais le haghaidh Chomhdú Leictreonach na nDifríochtaí (EFOD) agus a choinneofar ar bun go trialach go dtí an 31 Márta 2021.

## 2. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### 2.1. Litir Stáit AN 11/55-20/50 ó ICAO agus an gaol atá aici leis na rialacha atá ag an Aontas faoi láthair

Is é is ábhar do litir Stáit AN 11/55-20/50 ó ICAO na difríochtaí sealadacha mar gheall ar COVID-19 a bhaineann le gnéithe pearsanra agus aeroibreora in Iarscríbhinní 1 agus 6 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

In Iarscríbhinn 1 "Ceadúnú Pearsanra" a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, cuirtear SARPanna ar fáil maidir le ceadúnú comhaltaí foirne eitilte, rialtóirí aerthráchta, teicneoirí cothabhála agus riarthóirí na n-aerárthaí. Faoi na rialacha sin, ní mór d'iarratasóir ceadúnais ceanglais áirithe a chomhlíonadh atá i gcomhréir lena chasta atá na cúraimí a bheidh le déanamh. Léirítear na ceanglais sin i reachtaíocht an Aontais, is é sin i Rialachán (AE) 1139/2018 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh[1] agus i ngníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe a bhaineann leis an Rialachán sin[2]. Mar shampla, i Rialachán (AE)

---

[1] Airteagail 20-28 de Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle, IO L 212, 22.8.2018.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun

Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún, leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta sonracha a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta agus leagtar amach na teorainneacha agus na sprioc-amanna do cheadúnú pearsanra agus do scrúduithe aerleighis agus dea-shláinte (i.e. na forálacha in Iarscríbhinn I, cuid FCL agus in Iarscríbhinn IV, cuid MED). De thoradh impleachtaí tromchúiseacha phaindéim COVID-19, amhail féidearthacht theoranta nó gan aon fhéidearthacht a bheith ann scrúdaitheoirí aerleighis nó ionaid aerleighis a rochtain, cheadaigh roinnt Ballstát síneadh bailíochta sealadach ar dheimhnithe leighis ar feadh tréimhse 4 mhí, cé go gceanglaítear, de réir SARPanna ábhartha ICAO, scrúdú leighis agus athdheimhniú an deimhnithe leighis a dhéanamh go tráthrialta laistigh de thréimhse 45 lá ar a mhéad. I roinnt de na Ballstáit, tá feidhm ag an síneadh bailíochta, i.e. idir 4 mhí agus 8 mí, i dtaca le ceadúnais phíolóta chomh maith, mura féidir leis na píolótaí na hionsamhlóirí eitilte a shroicheadh nó a rochtain in am chun na ceanglais thráthrialta oiliúna agus seiceála is gá a chomhlíonadh.

Tá feidhm ag an síneadh bailíochta ar cheadúnú pearsanra i dtaca le ceadúnais a rachaidh in éag laistigh de thréimhse thagartha idir an 1 Márta 2020 agus an 31 Deireadh Fómhair 2020.

Is é is aidhm d'Iarscríbhinn 6 "Oibriú Aerárthaí" a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago rialacha caighdeánacha a bhunú maidir le hoibriú na n-aerárthaí atá i mbun aeriompar idirnáisiúnta ionas go n-áiritheofar na leibhéil is airde sábháilteachta agus éifeachtúlachta. Ar leibhéil an Aontais, léirítear na ceanglais idirnáisiúnta sin go príomha i Rialachán (AE) 2018/1139, i Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún agus i Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún[3]. Tháinig laghdú suntasach ar oibríochtaí aeriompair tráchtála de dheasca phaindéim COVID-19 agus, mar thoradh air sin, bíonn deacrachtaí ann dul chomh fada le háiteanna ina bhfuil ionsamhlóirí eitilte oiriúnacha ar fáil. Mar thoradh air sin, ní féidir le cuid mhór píolótaí na ceanglais faoi thaithí dhéanach a chomhlíonadh mar a leagtar síos i bpointe ORO.FC.100 d'Iarscríbhinn III (CUID-ORO) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún agus pointe FCL.060 d'Iarscríbhinn I (CUID-FCL) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún.

Mar shampla, de réir cheanglais SARPanna ICAO, ní ainmneoidh an t-oibreoir píolóta i gceannas nó comhphíolóta chun na rialuithe eitilte de chineál áirithe eitleáin a oibriú le linn éirí de thalamh agus tuirlingthe mura bhfuil an píolóta sin tar éis na rialuithe eitilte a oibriú le haghaidh ar a laghad trí éirí de thalamh agus trí thuirlingt ar eitleán den chineál céanna laistigh de na 90 lá roimhe sin. De dheasca na gconstaicí oibríochtúla tromchúiseacha atá ann mar gheall ar phaindéim COVID-19, tá teorainn leis na féidearthachtaí atá ag píolótaí agus ag foirne an ceanglas sin faoi thaithí dhéanach a chomhlíonadh. Chun na críche sin, agus ionas gur féidir le foirne dul i mbun eitilte nuair a chuirfear tús arís le gníomhaíochtaí eitlíochta, tá díolúintí ón riail sin á gcur i bhfeidhm ag Ballstáit trí cheangal a chur ar an oibreoir measúnú ar riosca a dhéanamh chun an fhéidearthacht agus an déine fhéideartha a shainaithint i leith mheathlúchán inniúlachta na foirne toisc dualgais eitilte gan a bheith orthu ar feadh tréimhse fhada. Éilíonn na Ballstáit freisin go gcuirfear bearta maolaithe iomchuí i bhfeidhm ionas go n-íoslaghdófar na rioscaí a sainaithníodh, agus go mbeidh srianadh oibríochtúil amháin nó níos mó bailí le haghaidh na foirne eitilte iomláine (e.g. uasteorainneacha trasghaoithe a

Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 311, 25.11. 2011, Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na n-eagraíochtaí agus an phearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin, IO L 362, 17.12.2014

3 RIALACHÁN (AE) Uimh. 965/2012 an 5 Deireadh Fómhair 2012 ina leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 296, 25.10. 2012

laghdú, íoschoinníollacha ascnaimh níos airde a thabhairt isteach, srianta a chur i bhfeidhm maidir le cóir dhromchla na rúidbhealaí, seoladh na n-aerárthaí le córas tuirlingthe uathoibríoch feidhmiúil, má tá sé suiteáilte).

Tá na díolúintí ó na rialacha oibríochtúla sin i bhfeidhm i dtaca le hoibríochtaí atá ar siúl laistigh de thréimhse thagartha idir an 1 Márta 2020 agus an 31 Deireadh Fómhair 2020 agus le haghaidh uastréimhse 8 mí.

Na difríochtaí thuasluaite i ndáil le rialacha ICAO, is toradh iad ar chur i bhfeidhm Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1139 ina bhforáiltear maidir le solúbthacht áirithe do na Ballstáit agus lena gceadaítear dóibh díolúintí a dheonú ó na ceanglais, seachas ceanglais riachtanacha, arna mbunú i Rialachán (AE) 2018/1139 agus sna gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe a bhaineann leis, i gcás cúinsí neamh-intuartha práinneacha nó riachtanais oibríochtúla práinneacha agus faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal sin. De réir ceann de na coinníollacha sin, ní rachaidh raon feidhme ná ré na díolúine thar a bhfuil riachtanach. I gcás den sórt sin, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra láithreach don Choimisiún, don Ghníomhaireacht (EASA) agus do na Ballstáit eile, tríd an stór lárnach arna bhunú faoi Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1139, faoin díolúine a deonaíodh, a tréimhse, cúis a deonaithe, agus, más iomchuí, na bearta maolaithe riachtanacha a cuireadh i bhfeidhm. Bhain roinnt Ballstát úsáid as an sásra seo maidir leis na difríochtaí i ndáil le rialacha ICAO a tharla de dheasca iarmhairtí tromchúiseacha phaindéim COVID-19. Na díolúintí siúd faoi Airteagal 71, tugtar san áireamh sa chinneadh seo ón gComhairle iad chun críche fógra a thabhairt d'ICAO thar ceann an Aontais faoi na difríochtaí i ndáil le hIarscríbhinní 1 agus 6 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

### 2.2. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Na difríochtaí a bhfuil fógra le tabhairt d'ICAO fúthu, baineann siad le gnéithe pearsanra agus aeroibreora in Iarscríbhinní 1 agus 6 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, mar a leagtar amach sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus mar a mhionsonraítear i ngach fógra aonair a thagann ó Bhallstát de réir a dhíolúine féin, díolúine arna cur i bhfeidhm de bhun Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1139.

Bailíocht na ndeimhnithe nó na gceadúnas a bhfuil tionchar orthu ag na bearta sealadacha a d'eisigh tríú tíortha mar gheall ar phaindéim COVID-19, tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 i dtaca le haithint bhailíocht na ndeimhnithe nó na gceadúnas sin, nó i dtaca le glacadh lena mbailíocht, de réir na gceanglas teicniúil agus na nósanna imeachta riaracháin a leagtar síos sa Rialachán sin maidir le haeroibríochtaí na n-oibreoirí tríú tíortha[4]. Mar riail ghinearálta, de bhun phointe ART 200, litir d) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán 452/2014, sainaithneoidh EASA, i gcomhairliúchán leis na Ballstáit, na caighdeáin siúd de chuid ICAO faoina nglacfadh sé le bearta maolaithe sa chás ina mbeidh fógra faoi dhifríocht tugtha ag Stát an oibreora nó ag an Stát cláraithe d'ICAO. Glacfaidh an Ghníomhaireacht leis an mbeart maolaithe má tá sé sásta go n-áiritheoidh na bearta sin leibhéal sábháilteachta atá coibhéiseach leis an leibhéal sábháilteachta a bhaintear amach faoin gcaighdeán ar tugadh fógra faoi dhifríochtaí i ndáil leis. Mar a iarrtar i litir Stáit AN 11/55 20/50, cuirfear in iúl d'ICAO gníomhartha ábhartha an Aontais a bhfuil feidhm acu i dtaca le haithint na ndifríochtaí sna tríú tíortha, mar a léirítear sa cholún deireanach den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

---

[4] RIALACHÁN (AE) Uimh. 452/2014 an 29 Aibreán 2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir ag aeroibreoirí tríú tíortha de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 133, 6.5. 2014

Leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in IACO mar fhreagra ar litir Stáit AN 11/55 20/50, beidh sé i gceist fógra a thabhairt faoi na difríochtaí i ndáil le hIarscríbhinní 1 agus 6 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago mar gheall ar na bearta sealadacha a bhaineann le paindéim COVID-19, mar a leagtar amach sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus mar a mhionshonraíonn gach Ballstát a thugann fógra de réir a dhíolúine aonair féin, díolúine arna cur i bhfeidhm de bhun Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1139.

## 3. BUNÚS DLÍ

### 3.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos "na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe".

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cibé acu atá an tAontas ina bhall den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú, nó nach bhfuil[5].

Áirítear ar na "*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*" gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh "*tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*"[6].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í Comhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a bunaíodh de chomhaontú, Coinbhinsiún Chicago an comhaontú sin.

I gcomhréir le hAirteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, glacann Comhairle ICAO na caighdeáin idirnáisiúnta agus na cleachtais mholta, mar a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Bíonn éifeachtaí dlíthiúla leis na gníomhartha sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh éifeachtaí dlíthiúla áirithe na ngníomhartha sin ag brath ar fhógraí faoi dhifríochtaí a chur isteach, agus ar théarmaí na bhfógraí sin. Dá bhrí sin, is faoi raon feidhme Airteagal 218(9) CFAE a ghlactar seasamh an Aontais maidir le fógraí den sórt sin.

Na difríochtaí a bhfuil fógra le tabhairt fúthu mar fhreagra ar litir Stáit AN 11/55-20/50 ó ICAO, tá feidhm acu i dtaca leis na héifeachtaí dlíthiúla atá ag na caighdeáin arna mbunú faoi Choinbhinsiún Chicago.

Tagann na héifeachtaí dlíthiúla sin faoi réimse atá cumhdaithe cuid mhór ag rialacha an Aontais, is é sin Rialachán (AE) 2018/1139, Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún. Ciallaíonn sin, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE, go bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas i leith an ábhair sin.

---

5 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

6 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Cé gur bearta sealadacha iad na bearta sin, tá gá le seasamh ón Aontas toisc gurb iad is cúis le difríochtaí i ndáil le SARPanna ICAO. Na difríochtaí a thagann as síneadh a chur le hamlínte do cheadúnú pearsanra in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago agus na difríochtaí i ndáil le SARPanna de bhun Airteagal 6 "Oibriú na n-aerárthaí" a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt fúthu i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

**4.2. Bunús dlí substainteach**

*4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach maidir le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna sin nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is le comhbheartas iompair a bhaineann príomhchuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Ba cheart Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

2020/0120 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le hIarscríbhinní 1 agus 6 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a bhaineann le paindéim COVID-19

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ("Coinbhinsiún Chicago"), lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta a rialú, tháinig sé i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Is leis a bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

(2) Is Stáit chonarthacha de Choinbhinsiún Chicago iad na Ballstáit, agus is comhaltaí de ICAO iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas Eorpach i gcomhlachtaí áirithe de chuid ICAO.

(3) De bhun Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, féadfaidh Comhairle ICAO caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta a ghlacadh (SARPs).

(4) De bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, aon Stát a mheasann go bhfuil sé dofheidhmithe aon chaighdeán idirnáisiúnta nó aon nós imeachta den sórt sin a chomhlíonadh go hiomlán, nó a rialacháin nó a nósanna imeachta féin a chur i gcomhréir go hiomlán le haon chaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta den sórt sin nó i gcás ina measfaidh sé gur gá rialacháin nó nósanna imeachta a ghlacadh atá éagsúil ar dhóigh ar bith leis na cinn arna mbunú le caighdeán idirnáisiúnta, tabharfaidh sé fógra láithreach do ICAO faoi na difríochtaí idir a chleachtas féin agus an cleachtas a leagtar síos sa chaighdeán idirnáisiúnta.

(5) De bhun Airteagal 39 de Choinbhinsiún Chicago, i gcás nach bhfuil na híoschaighdeáin comhlíonta ag an deimhniú leighis le haghaidh pearsanra atá rannpháirteach sa loingseoireacht idirnáisiúnta, ní mór liosta a bheith ag gabháil leis de na gnéithe uile nach gcomhlíontar na caighdeáin sin ina leith. Sa chás sin, ba cheart go mbainfeadh na gnéithe leis na difríochtaí sonracha i ndáil le tréimhse bhailíochta an deimhnithe leighis.

(6) Thairis sin, de bhun Airteagal 40 de Choinbhinsiún Chicago, ní cheadófaí do phearsanra a bhfuil deimhniú den sórt sin acu a bheith rannpháirteach sa loingseoireacht idirnáisiúnta, ach amháin le cead ón Stát nó ó na Stáit a bhfuiltear ag dul isteach ina chríoch nó ina gcríoch.

(7) I bhfianaise phaindéim COVID-19, tá fochóras um dhifríochtaí a bhaineann le teagmhais, fochóras CCRD curtha ar bun ag ICAO, mar chuid den chóras atá ann faoi

láthair le haghaidh Chomhdú Leictreonach na nDifríochtaí (EFOD) lena gceadaítear do na Ballstáit difríocht shealadach i ndáil le hIarscríbhinní 1 go 6 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a chomhdú agus ag an am céanna a chur in iúl cén saghas caighdeáin nó nós imeachta a bheadh inghlactha acu chun oibríochtaí idirnáisiúnta a éascú agus chun a gcuid oibleagáidí faoi Airteagal 40 a chomhlíonadh.

(8) In Iarscríbhinn 1 "Ceadúnú Pearsanra" de Choinbhinsiún Chicago, tugtar SARPanna i ndáil le ceadúnú comhaltaí foirne eitilte, rialtóirí aerthráchta, oibreoirí stáisiúin aerloingseoireachta, teicneoirí cothabhála agus riarthóirí eitiltí. De réir na rialacha sin, ní mór d'iarratasóir ar cheadúnas, ceanglais áirithe a chomhlíonadh laistigh de spriocamanna forordaithe, atá comhréireach le castacht na gcúraimí atá le déanamh.

(9) Tá na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago le sonrú ar reachtaíocht an Aontais eadhon i Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh[7] agus i ngníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe gaolmhara. Mar shampla, san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2011/1178[8] ón gCoimisiún leagtar amach na ceanglais agus na nósanna imeachta sonracha a bhaineann le foirne eitilte na heitlíochta sibhialta agus leagtar amach ann na teorainneacha agus na spriocamanna le haghaidh ceadúnú pearsanra agus seiceálacha feidhmiúlachta leighis agus leagtar amach le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún rialacha maidir le haeracmhainneacht leanúnach aerárthaí agus táirgí, páirteanna agus fearas aerloingseoireachta agus maidir le formheas na n-eagraíochtaí agus an phearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin[9].

(10) De bharr impleachtaí tromchúiseacha phaindéim COVID-19, mar shampla rochtain theoranta nó rochtain ar bith ar scrúdaitheoirí aerleighis nó ar ionaid aerleighis, chuir roinnt Ballstát síneadh sealadach le bailíocht na ndeimhnithe leighis de dhiallas ó SARPanna ábhartha ICAO ar feadh tréimhse ceithre mhí. Tá síneadh ceithre mhí go huastréimhse ocht mí curtha freisin le bailíocht na gceadúnas píolóta i mBallstáit áirithe mura bhfuil píolótaí in ann ionsamhlóirí eitilte a shroicheadh ná a rochtain in am, chun an oiliúint agus an tseiceáil riachtanach a dhéanamh. Baineann na síntí sin le ceadúnais lena ngabhann dáta éaga laistigh de thréimhse thagartha idir an 1 Márta 2020 agus an 31 Deireadh Fómhair 2020.

(11) Foráiltear le hIarscríbhinn 6 "Oibriú Aerárthaí" a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, ceanglais oibríochtúla chaighdeánaithe le haghaidh aerárthaí atá ag gabháil den aeriompar idirnáisiúnta lena n-áiritheofar na leibhéil is airde sábháilteachta agus

---

7 Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle IO L 212, 22.8.2018.

8 Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitilte na heitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle IO L 311, 25.11. 2011.

9 Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach aerárthaí agus táirgí, páirteanna agus fearas aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na n-eagraíochtaí agus an phearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin IO L 362, 17.12. 2014.

éifeachtúlachta. Ar leibhéal an Aontais, is i Rialachán (AE) 2018/1139, i Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún agus i Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún a léirítear na ceanglais idirnáisiúnta sin[10].

(12) Tháinig laghdú suntasach ar oibríochtaí aeriompair tráchtála mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus dá bharr sin bhí deacrachtaí ann dul chomh fada le háiteanna ina bhfuil ionsamhlóirí eitilte oiriúnacha ar fáil. De dheasca na mbac oibríochtúla thromchúiseacha atá ann de bharr phandéim COVID-19, bhí teorainn le deiseanna píolótaí agus foirne, ceanglais ICAO a chomhlíonadh maidir le taithí dhéanach. Mar sin de, le go mbeidh foirne in ann eitilt nuair a thosóidh gníomhaíochtaí aeriompair arís, tá díolúintí ó na ceanglais ábhartha maidir le taithí dhéanach á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit, trí oibríochtaí a cheadú faoi choinníollacha oibríochtúla áirithe agus ina mbeidh bearta maolaithe iomchuí arna mbunú ar bhonn measúnú riosca. Tá feidhm ag na díolúintí sin le hoibríochtaí a dhéantar laistigh de thréimhse thagartha idir an 1 Márta 2020 agus an 31 Deireadh Fómhair 2020, i.e. agus ar feadh tréimhse ocht mí ar a mhéad.

(13) Na bearta náisiúnta thuasluaite, atá éagsúil le hIarscríbhinní 1 agus 6 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, glacadh iad de bhun Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1139 lenar féidir leis na Ballstáit díolúintí a dheonú d'aon duine nádúrtha nó dlíthiúil ó na ceanglais de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis an duine sin, mura ceanglais fhíor-riachtanacha iad, i gcás cúinsí neamh-intuartha práinneacha a bhainfeadh leis na daoine sin nó i gcás riachtanais oibríochtúla, ach na coinníollacha uile a leagtar síos san Airteagal sin a chomhlíonadh. Le cur i bhfeidhm na forála sin, agus i bhfianaise na n-iarmhairtí atá ann de bharr phaindéim COVID-19, tá díolúintí ó rialacha an Aontais a leagtar síos i Rialacháin (AE) Uimh. 2018/1139, Uimh 1178/2011, Uimh. 1321/2014 agus Uimh. 965/2012 á gcur i bhfeidhm ag roinnt Ballstát nó beidh siad le cur i bhfeidhm.

(14) Ar an ábhar go bhfuil tionchar ag an bhfógra faoi dhifríochtaí ar na héifeachtaí dlíthiúla atá ag na caighdeáin arna mbunú faoi Choinbhinsiún Chicago, tagann sé faoi raon feidhme Airteagal 218(9) CFAE go nglacfaidh an tAontas seasamh i leith na bhfógraí sin.

(15) Is iomchuí mar sin, an seasamh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais mar fhreagra ar litir Stáit AN 11/55-20/50 ó ICAO, seasamh arb é go dtabharfar fógra faoi dhifríochtaí i ndáil le hIarscríbhinní 1 agus 6 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago de bharr bearta oibríochtúla sealadacha a bhaineann le paindéim COVID-19, bearta arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit. Is iad na Ballstáit de chuid an Aontais a bhfuil díolúintí aonair glactha acu de bhun Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1139 a bhfuil difríochtaí mar thoradh orthu faoi réir litir Stáit AN 11/55-20/50, is iad na Ballstáit sin a chuirfidh seasamh an Aontais in iúl.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais mar fhreagra ar litir Stáit AN 11/55-20/50 ó ICAO arna eisiúint ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta an 3 Aibreán 2020,

[10] Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle IO L 296, 25.10. 2012.

leagtar amach é san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus tá sé mionsonraithe a thuilleadh ag gach Ballstát a thugann fógra i gcomhréir lena dhíolúine aonair arna chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1139.

*Airteagal 2*

Na Ballstáit de chuid an Aontais ar comhaltaí de Chomhairle ICAO iad, agus a bhfuil díolúintí aonair glactha acu de bhun Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1139 a bhfuil difríochtaí mar thoradh orthu faoi réir litir Stáit AN 11/55-20/50, is iad na Ballstáit sin a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1.

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*